2023.M70T

2023L014G1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2023

# Ealaín

## Amharcstaidéar

## Gnáthleibhéal

## Déardaoin 15 Meitheamh    Tráthnóna 2:00 - 4:30

150 marc

**Scrúduimhir**

**Lá agus Mí do Bhreithe**

Scríobh 3 Feabhra mar 0302, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2023 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

## Treoracha

Tá **trí** roinn sa scrúdpháipéar seo:

| | | | |
|---|---|---|---|
| Roinn A | Domhan an Lae Inniu | 50 marc | 7 gceist ghearrfhreagra. |
| Roinn B | An Eoraip agus an Domhan Mór | 50 marc | 6 cheist fhadfhreagra. |
| Roinn C | Éire agus a háit sa Domhan Mór | 50 marc | 6 cheist fhadfhreagra. |

Freagair ceisteanna mar seo a leanas:

- Roinn A – Domhan an Lae Inniu: Freagair **cúig cheist** ar bith.
  (Tá na ceisteanna go léir ar cómharc – 10 marc an ceann).
- Roinn B – An Eoraip agus an Domhan Mór: Freagair ceist **amháin**.
- Roinn C – Éire agus a háit sa Domhan Mór: Freagair ceist **amháin**.

Déan tagairt, áit a n-iarrtar é, do na **léaráidí ar an mbileog a ghabhann** le Roinn A.

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ar ann dóibh sa leabhrán seo. Tá spás le haghaidh obair bhreise i ndeireadh an leabhráin seo. Déan aon obair bhreise sin a lipéadú go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

Tá cead agat sceitsí agus léaráidí lipéadaithe a úsáid mar taca le do fhreagra más mian leat. Tá spás le haghaidh sceitsí agus léaráidí ar fáil ag deireadh gach ranna. Déan deimhin de go bhfuil uimhir gach ceiste (agus an chuid den cheiste nuair is gá sin) curtha go soiléir ar gach sceitse nó léaráid.

Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh. Is le haghaidh sceitsí agus líníochtaí amháin a cheadaítear peann luaidhe a úsáid, peann luaidhe dathúcháin san áireamh. Ná húsáid péint ná aon mheán fliuch eile.

Déanfar an leabhrán scrúdaithe seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Is féidir nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.

| Roinn A | Domhan an Lae Inniu | 50 marc |
|---|---|---|

Freagair **cúig cheist ar bith** sa roinn seo.

**Ceist 1** **10 marc**

Tá pictiúr le Una Sealy **léirithe ar an mbileog a ghabhann leis seo**.

**(a)** Déan cur síos ar an bpictiúr sin faoi na ceannteidil seo a leanas: dath, comhdhéanamh.

| Dath, comhdhéanamh: |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**(b)** Céard faoi a bhfuil an saothar ealaíne seo, dar leat? Tabhair fáthanna le do fhreagra.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 2** **10 marc**

**(a)** Conas a d’fhéadfadh mac léinn ealaíne ardáin na meán sóisialta nó aipeanna a úsáid chun taighde a dhéanamh agus a smaointe a fhorbairt? Tabhair fáthanna le do fhreagra.

**(b)** Cén fáth a bhféadfadh sé a bheith tábhachtach go mbeadh próifíl ar na meáin shóisialta ag ealaíontóir gairmiúil?
Tabhair fáthanna le do fhreagra.

**Ceist 3** **10 marc**

Tá múrphictiúr le Curtis Hylton i gCorcaigh, ar a dtugtar *An Cruidín* go háitiúil, **léirithe ar an mbileog a ghabhann leis seo**.

**(a)** Déan cur síos ar an múrphictiúr sin faoi na ceannteidil seo a leanas: íomhánna, comhdhéanamh, dath.

| Íomhánna: |
|---|
| |
| |
| |

| Comhdhéanamh: |
|---|
| |
| |
| |

| Dath: |
|---|
| |
| |
| |

**(b)** Céard iad na ceisteanna a dtugtar aghaidh orthu san obair ealaíne sin? Tabhair fáthanna le do fhreagra.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 4** **10 marc**

**(a)** Cén fáth, dar leat, a gcuireann gailearaithe agus músaeim poiblí imeachtaí mar thurais agus ceardlanna ar fáil? Tabhair fáthanna le do fhreagra.

**(b)** Conas a d'fhéadfadh cuairt ar ghailearaí ealaíne nó ar mhúsaem an t-eolas a dhéanamh do shaothar ealaíontóra?
Tabhair fáthanna le do fhreagra.

**Ceist 5** **10 marc**

Tá sampla de dhearadh pacáistithe **léirithe ar an mbileog a ghabhann leis seo**.

**(a)** Déan cur síos ar an dearadh faoi na ceannteidil seo a leanas: litreoireacht, íomhánna, dath.

| Litreoireacht: |
|---|
| |
| |
| |

| Íomhánna: |
|---|
| |
| |
| |

| Dath: |
|---|
| |
| |
| |

**(b)** An gceapann tú go bhfuil dearadh an phacáistithe seo éifeachtach?
Cuir tic (✓) le do fhreagra.

Ceapaim ☐ Ní cheapaim ☐

Tabhair fáthanna le do fhreagra.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 6** **10 marc**

Is dhá chineál hata ar leith iad Hata A agus Hata B atá **léirithe ar an mbileog a ghabhann leis seo**.

**(a)** Déan cur síos ar gach ceann de na hataí faoi na ceannteidil seo a leanas: foirm, bunábhair.

| Hata A – foirm, bunábhair: |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |

| Hata B – foirm, bunábhair: |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |

**(b)** Tá feidhmeanna an-difriúla ag na hataí sin. Céard iad na feidhmeanna atá ag gach ceann de na hataí? Tabhair fáthanna le do fhreagra.

| Hata A – feidhm: |
|---|
| |
| |
| Hata B – feidhm: |
| |
| |

**Ceist 7** **10 marc**

Tá an dealbh *CON MÓR, Fathach,* le Macnas **léirithe ar an mbileog a ghabhann leis seo.**

**(a)** Déan cur síos ar an dealbh sin faoi na ceannteidil seo a leanas: scála, láimhseáil na fíorach daonna, úsáid na mbunábhar.

| Scála: |
|---|
| |
| |
| |

| Láimhseáil na fíorach daonna: |
|---|
| |
| |
| |

| Úsáid na mbunábhar: |
|---|
| |
| |
| |

**(b)** Cén tionchar a bhíonn ag úsáid an tsoilsithe ar an dealbh sin san oíche?
Tabhair fáthanna le do fhreagra.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |

Spás le haghaidh sceitsí, léaráidí, etc. más rogha leat é a úsáid.
Déan an obair go léir a lipéadú go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

## Roinn B — An Eoraip agus an Domhan Mór — 50 marc

Freagair ceist **amháin** as an roinn seo.

**Ceist 8 — Ealaín Rómhánúil agus Ghotach (c.1000 – 1500idí)**

Tabhair cuntas ar na tréithe a bhaineann le hailtireacht agus le dealbhóireacht Rómhánúil.

- Déan tagairt d'eaglais nó d'ardeaglais ainmnithe **amháin** agus do dhealbh ainmnithe **amháin**.
- Bíodh plé ar an gcomhthéacs, ar ghnéithe ealaíne agus ar phrionsabail dearaidh, ar na bunábhair agus ar na teicnící san áireamh agat.

**Ceist 9 — An Renaissance – An Próta-, Luath-, tArd-Renaissance & an Nósúlacht (c.1300 – 1600idí)**

Cén tslí ar imir an Daonnachas a raibh fócas aige ar an duine aonair agus ar an saol clasaiceach tionchar ar Ealaín an Renaissance?

- Déan tagairt d'ealaíontóirí ainmnithe agus do **dhá** shaothar ealaíne ainmnithe.
- Bíodh plé ar an gcomhthéacs, ar an ábhar, ar an nuálaíocht agus ar an aireag san áireamh agat.

**Ceist 10 — Ealaín Bharócach (c.1600 – 1700idí)**

Conas a spreag saothar ealaíne na tréimhse Barócaí mothúcháin an bhreathnóra?

- Déan tagairt d'ealaíontóirí ainmnithe agus do **dhá** shaothar ealaíne ainmnithe.
- Bíodh plé ar an ábhar, ar na meáin agus ar na próisis, ar ghnéithe ealaíne agus ar phrionsabail dearaidh san áireamh agat.

**Ceist 11 — Réalachas, Impriseanachas agus Iar-Impriseanachas (c.1850 – 1900idí)**

Conas a d'imir an ceamara tionchar ar shaothar ealaíne na tréimhse seo?

- Déan tagairt d'ealaíontóirí ainmnithe agus do **dhá** shaothar ealaíne ainmnithe.
- Bíodh plé ar an ábhar, ar ghnéithe ealaíne agus ar phrionsabail dearaidh, ar na meáin agus ar na teicnící san áireamh agat.

**Ceist 12 — Nua-Aoiseachas (c.1900 – 1960idí)**

Sainaithin agus pléigh na nithe a d'imir tionchar ar an Nua-Aoiseachas agus a mhúnlaigh é.

- Déan tagairt do **bheirt** ealaíontóirí ainmnithe agus dá saothair ealaíne.
- Bíodh plé ar an gcomhthéacs, ar na meáin agus ar na teicnící, ar ghnéithe ealaíne agus ar phrionsabail dearaidh san áireamh agat.

**Ceist 13 — Tar éis 1960**

Déan plé ar na cosúlachtaí agus ar na difríochtaí idir shaothair ealaíne **beirt** ealaíontóirí ón tréimhse seo.

- Déan tagairt do **bheirt** ealaíontóirí ainmnithe agus do shaothar ealaíne **amháin** ar a laghad a rinne gach duine acu.
- Bíodh plé ar an gcomhthéacs, ar an téama, ar an ábhar, ar ghnéithe ealaíne agus ar phrionsabail dearaidh san áireamh agat.

Spás don phleanáil más rogha leat é a úsáid.

Freagra ar Cheist

Spás le haghaidh sceitsí, léaráidí, etc. más rogha leat é a úsáid.
Déan an obair go léir a lipéadú go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

## Roinn C — Éire agus a háit sa Domhan Mór — 50 marc

Freagair ceist **amháin** as an roinn seo.

**Ceist 14 — An Ealaín Réamh-Chríostaí (c.4000 RCR – 500 CR)**

Tabhair cuntas ar fhorbairt ailtireacht na Clochaoise in Éirinn.

- Déan tagairt i do fhreagra do **dhá** struchtúr ainmnithe ar a laghad de chuid na Clochaoise.
- Bíodh plé ar an gcomhthéacs, ar an maisiúchán, ar na bunábhair agus ar na teicnící, ar an nuálaíocht agus ar an aireag san áireamh agat.

**Ceist 15 — Ealaín na nOileán (c.500 – 1100idí)**

Tabhair cuntas ar na próisis a úsáideadh sa mhiotalóireacht in Éirinn le linn na tréimhse seo.

- Déan tagairt i do fhreagra do **dhá** dhéantán miotail ainmnithe a bhfuil staidéar déanta agat orthu.
- Bíodh plé ar an gcomhthéacs, ar an maisiúchán, ar na bunábhair agus ar na teicnící ar baineadh úsáid astu san áireamh agat.

**Ceist 16 — Ailtireacht agus Ealaín na Meánaoise Déanaí (c.1100 – 1550idí)**

Déan plé ar an maisiúchán atá le feiceáil sna foirgnimh reiligiúnacha ón tréimhse seo.

- Déan tagairt i do fhreagra do **dhá** fhoirgneamh reiligiúnacha ainmnithe a bhfuil staidéar déanta agat orthu.
- Bíodh plé ar an gcomhthéacs, ar an struchtúr, ar na bunábhair, ar na teicnící agus ar an maisiúchán san áireamh agat.

**Ceist 17 — An Tréimhse Sheoirseach (c.1720 – 1800idí)**

Déan comparáid idir teach cathrach ón tréimhse sin agus teach tuaithe ón tréimhse sin.

- Déan tagairt i do fhreagra do **dhá** fhoirgneamh ar leith.
- Bíodh plé ar an gcomhthéacs, ar an struchtúr, ar na bunábhair, ar na teicnící agus ar an maisiúchán san áireamh agat.

**Ceist 18 — Ealaín agus Nua-Aoiseachas na hÉireann (c.1880 – 1960idí)**

Ainmnigh ealaíontóir **amháin** ón tréimhse seo agus tabhair cuntas ar an dóigh ar imir cur chuige nua maidir le gnéithe ealaíne agus le prionsabail dearaidh tionchar ar shaothar an ealaíontóra sin.

- Déan tagairt i do fhreagra do **dhá** shaothar ainmnithe leis an ealaíontóir a roghnaigh tú.
- Bíodh plé ar an gcomhthéacs, ar an nuálaíocht agus ar an aireag, ar na meáin agus ar na réimsí cleachtais san áireamh agat.

**Ceist 19 — Tar éis 1960**

Ainmnigh ealaíontóir tábhachtach **amháin** ón tréimhse seo agus tabhair cuntas ar an méid a chuir an duine sin le healaín na hÉireann.

- Déan tagairt i do fhreagra do **dhá** shaothar ainmnithe leis an ealaíontóir a roghnaigh tú.
- Bíodh plé ar an gcomhthéacs, ar an ábhar, ar ghnéithe ealaíne agus ar phrionsabail dearaidh, ar na meáin agus ar na réimsí cleachtais san áireamh agat.

Spás don phleanáil más rogha leat é a úsáid.

Freagra ar Cheist

Spás le haghaidh do sceitsí, léaráidí, etc. más rogha leat é a úsáid.
Déan an obair go léir a lipéadú go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

Spás breise le haghaidh freagraí.

Déan an obair go léir a lipéadú go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

Spás breise le haghaidh sceitsí, léaráidí, etc.
Déan an obair go léir a lipéadú go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Admhálacha**

**Íomhánna**

Lch 3: Ceist 1
Una Sealy. *Portráid de Chaoilfhionn Hanton, Port Láirge*. Ola ar Línéadach.
https://www.facebook.com/people/Una-Sealy-Artist/100065098958277/
(Arna rochtain ar 16 Feabhra 2023)

Lch 5: Ceist 3
Curtis Hylton. Múrphictiúr a dtugtar *An Cruidín* air go háitiúil. Cathair Chorcaí. 2019.
https://www.yaycork.ie/got-an-idea-for-an-event-or-mural-get-city-funding-to-make-it-happen/
(Arna rochtain ar 16 Feabhra 2023)
Karl Kachmarsky a ghlac an grianghraf.

Lch 7: Ceist 5
Unilever. *Pot Noodle.* Dearadh pacáistithe.
https://www.potnoodle.com/products/pot-noodle/kingchowmein.html
(Arna rochtain ar 16 Feabhra 2023)

Lch 8: Ceist 6
Hata A. GANT. Caipín de chorrán cadáis. Caipín de chadás 100%.
Hata B. Philip Treacy. *Hata Splanc Thintrí le haghaidh Lady Gaga.* Criostal Swarovski, sreabhann, cúr.
https://www.zalando.ie/gant-unisex-cap-bright-red-ga352p001-g11.html
(Arna rochtain ar 16 Feabhra 2023)
https://www.dannyclinch.com/projects/grammys/lady-gaga
(Arna rochtain ar 16 Feabhra 2023)
https://ladygaga.fandom.com/wiki/Danny Clinch
(Arna rochtain ar 16 Feabhra 2023)
Danny Clinch a ghlac an grianghraf.

Lch 9: Ceist 7
Macnas. *CON MÓR, Fathach*. 2022. Cruach, saileach, bunábhair nádúrtha.
https://twitter.com/GalwayIdeasLab/status/1585653414939222016?t=Ha-EDZ9i4RE_jvTGsEQy7A&s=03
https://twitter.com/ConnachtHotel/status/1586328986073776131?t=hL9xdxexN_GLq0b-xFAlTg&s=03
https://www.macnas.com/works/macnas-spectacle-youth-theatre ; https://twitter.com/macnas?lang=en
(Arna rochtain ar 16 Feabhra 2023)
Emilija Jefremova a ghlac an grianghraf.

Ná scríobh ar an leathanach seo

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Gnáthleibhéal

# Ealaín Amharcstaidéar

Déardaoin 15 Meitheamh

Tráthnóna 2:00 - 4:30